COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil16.6.2009
SEC(2009) 777 leagan deireanach

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE AN CHOIMISIÚIN**

**Doiciméad a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 998/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe is infheidhme i leith gluaiseachta neamhthráchtála peataí**

**ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ IARMHARTA**

**[COIM (2009) 268 leagan deireanach]**
**[SEC(2009) 776]**

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE AN CHOIMISIÚIN**

**Doiciméad a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**
**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 998/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe is infheidhme i leith gluaiseachta neamhthráchtála peataí**

**ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ IARMHARTA**

**[COIM (2009) aaa leagan deireanach]**
**[SEC(2009) bbbb]**

Is cuid de chlár oibre pleanála/clár oibre an Choimisiúin í an mhír seo faoin tagairt 2008/SANCO/010.

# 1. Fadhbanna a shainaithint

## 1.1. Cúlra dlíthiúil

### *1.1.1. Oibleagáid dhlíthiúil athbhreithniú a dhéanamh*

Leagtar amach le Rialachán (CE) Uimh. 998/2003[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán') ceanglais chomhchuibhithe sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí laistigh den Chomhphobal agus isteach sa Chomhphobal ('córas ginearálta').

Deonaíonn an Rialachán, áfach, idirthréimhse don Ríocht Aontaithe ('UK'), d'Éirinn, do Mhálta, don tSualainn agus don Fhionlainn d'fhonn teacht isteach peataí ina gcríoch a bheith faoi réir comhlíonta le ceanglais bhreise áirithe chun an baol a laghdú maidir le confadh, eicíneacocas agus sceartáin a thabhairt isteach ('córas idirthréimhseach').

Leagtar amach leis an Rialachán oibleagáid dhlíthiúil maidir leis na rialacha a athbhreithniú faoi dheireadh na hidirthréimhse agus iarrtar ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, bunaithe ar an taithí faighte agus ar mheasúnú riosca mar aon le tograí le haghaidh an chórais a bheidh le cur i bhfeidhm ag deireadh na hidirthréimhse. Ghlac an Coimisiún leis an tuarascáil an 8 Deireadh Fómhair 2007, mar aon le togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle fadú áirithe a chur leis na bearta idirthréimhseacha go dtí mí Mheán Fómhair 2009 (dáta a cuireadh siar arís go 30 Meitheamh 2010 le Rialachán (CE) Uimh. 454/2008[2]) chun go mbeadh dóthain ama ann gach gné a mheas agus dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ar fad maidir leis na roghanna.

Bunaithe ar an tuarascáil, ar thoradh roinnt comhairliúchán a rinneadh, lena n-áirítear comhairliúchán leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('EFSA'), agus ar fhaisnéis atá ar fáil ar na galair lena mbaineann san AE ar fad, tá an Coimisiún anois ag déanamh measúnaithe ar na roghanna fadtéarmacha, agus go háirithe ar an bhféidearthacht an córas ginearálta a leathnú amach go dtí na Ballstáit atá faoi láthair faoin gcóras idirthréimhseach.

### *1.1.2. Córas ginearálta*

Déantar foráil sa Rialachán gur gá peataí atá ag taisteal lena gcuid úinéirí ó Bhallstát amháin go Ballstát eile a shainaithint agus ba cheart pas AE a bheith leo a chruthaíonn go raibh vacsaín bailí i gcoinne confaidh acu. Braitheann an córas a mbeidh feidhm aige maidir le peataí atá ag teacht isteach san AE ó thríú tíortha

1 http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/site/en/consleg/2003/R/02003R0998-20081122-en.pdf.
2 http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2008:145:0238:0239:EN:PDF

liostaithe nó neamhliostaithe ar cháilíocht na ráthaíochtaí a chuireann an tríú tír tionscnaimh ar fáil maidir le confadh.

*1.1.3. Córas idirthréimhseach*

Déantar achoimre ar an gcóras seo atá deonaithe don Fhionlainn, do Mhálta, don tSualainn agus don Ríocht Aontaithe i dTábla 1. Tá idir rialacha an AE agus rialacha náisiúnta áirithe ann. Déantar foráil ann do cheanglais bhreise iontrála, atá éagsúil ag brath ar an mBallstát ceann scríbe agus ar an ngalar. Déantar foráil ann freisin do dhíolúintí idir na Ballstáit atá faoin gcóras idirthréimhseach faoi láthair agus fiú le Ballstáit eile (e.g. an Danmhairg). Tugtar socruithe déthaobhacha orthu seo.

*1.1.4. Córas Saorghluaiseachta*

Cuireann an Ríocht Aontaithe agus Éire comhchóras saorghluaiseachta i bhfeidhm le haghaidh madraí agus cat gan sainaitheantas peataí (marcáil) ná pasanna a bheith de dhíth. Ní cuid den chóras ginearálta ná den chóras idirthréimhseach dá bhforáiltear sa Rialachán é an córas seo.

## 1.2. Saincheisteanna ar gá dul i ngleic leo

*1.2.1. Tá na rialacha náisiúnta reatha casta agus cuireann siad ualach suntasach ar úinéirí peataí*

Ceadaíonn an córas idirthréimhseach don Fhionlainn, d'Éirinn, do Mhálta, don tSualainn agus don Ríocht Aontaithe a rialacha náisiúnta a choinneáil, beag beann ar stádas sláinte pheataí an Bhallstáit tionscnaimh. Tá difríochtaí móra idir na rialacha seo – ceanglais bhreise maidir le sláinte ainmhithe agus/nó ceanglais bhreise iompair agus bealaigh – agus cúisítear deacrachtaí dá bhrí sin do thaistealaithe na coinníollacha atá i bhfeidhm sna Ballstáit a thuiscint agus cuirtear isteach ar thurasanna fada a théann tríd na Ballstáit seo.

Ní hé amháin go gcúisítear costais bhreise d'úinéirí peataí (féach Tábla 2 – costais mheasta), ach bíonn daoine aonair agus údaráis na mBallstát ag gearán freisin.

*1.2.2. Coibhéis stádas sláinte maidir le confadh, eicíneacocóis (E. Multiocularis) agus sceartáin sna Ballstáit – tuairimí EFSA*

1.2.2.1. Confadh

Mhol EFSA bearta maolaithe riosca a chur chun feidhme maidir le peataí a bhfuil vaicsín príomha faighte acu agus atá ag teacht ó áiteanna ina mbíonn níos mó ná cás amháin den chonfadh i measc gach milliún peata gach bliain, is é sin le rá, na Stáit Bhaltacha.

I gcás tíortha a bhfuil ráta níos airde confaidh tuairiscithe i measc ainmhithe fiáine (e.g. na Stáit Bhaltacha) tá iarrachtaí breise déanta acu le trí bliana anuas an galar a dhíothú agus tá monatóireacht á déanamh ar an scéal i gcónaí.

Dá bhrí sin, tá laghdú tagtha ar an ngalar i measc ainmhithe tí agus meastar anois gur ionann an cás, a bheag nó a mhór, i ngach ceann de na 27 Ballstát agus go bhfuil sé

inchurtha leis an gcás sna 15 Bhallstát ina raibh confadh i measc ainmhithe fiáine ina mhórfhadhb tráth a glacadh Rialachán (CE) Uimh. 998/2003.

Níor taifeadadh cás confaidh ar bith mar thoradh ar gluaiseachtaí dlíthiúla trasteorann peataí laistigh den AE, lena n-áirítear gluaiseachtaí ó na Stáit Bhaltacha, le blianta anuas, go háirithe ó tháinig an Rialachán i bhfeidhm.

Níl na critéir Chomhphobail a bhí infheidhme go dtí seo maidir le liostú tríú tíortha bunaithe ar leitheadúlacht confaidh i measc peataí arna húsáid ag EFSA, ós rud é go gcuirtear san áireamh leo cur chun feidhme beart rialála chun confadh a chosc agus a rialú, an bealach a ráthaíonn údaráis inniúla bailíocht an deimhniúcháin agus cáilíocht an chórais mhonatóireachta agus vacsaíní. Ghlac an AE, dá bhrí sin, le tríú tíortha, amhail Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Cónaidhm na Rúise, faoin gcóras ginearálta in ainneoin go bhfuil ráta níos airde confaidh i measc ainmhithe fiáine iontu ná mar atá sna Stáit Bhaltacha.

1.2.2.2. Eicíneacocóis (Echinococcus multilocularis)

De réir EFSA, léiríonn roinnt suirbhéanna ar leith maidir le hainmhithe fiáine go bhfuil éagsúlachtaí móra ó thír go tír agus fiú amháin ó réigiún go réigiún sa tír chéanna. Tá sé an-deacair, dá bhrí sin, na cásanna eipidéimeolaíocha a chur i gcomparáid agus ní bheidh i meastóireacht ar bith den eipidéimeolaíocht ach meastachán. Is beag sonraí atá ar fáil faoi rátaí ionfhabhtaithe peataí madraí agus peataí cat agus tá sé deacair brí a bhaint as na sonraí atá ann de dheasca easpa faisnéise ar na straitéisí samplála.

Go dtí seo bhí torthaí diúltacha ar shuirbhéanna a rinneadh san Fhionlainn chun *E. multilocularis* a aimsiú i madraí agus i gcreimirí. Níl faisnéis ar bith curtha ar fáil ag Éirinn, Málta, an tSualainn ná an Ríocht Aontaithe maidir le faireachán ar an ngalar i madraí tí ach éilítear nach ann dó i measc ainmhithe fiáine ná i measc an phobail dúchais.

Tá sé le feiceáil ón líon teoranta suirbhéanna atá foilsithe ar ionfhabhtú i bpeataí san Eoraip go bhfuil rátaí ionfhabhtaithe péiste ribíní i bhfeoiliteoirí tí íseal agus gur dócha gur de thoradh nochtadh íseal do chéimeanna idirmheánacha an tseadáin agus de thoradh díphéistiú rialta é.

Tuairiscíodh cásanna arna n-allmhairiú ag daoine i gceantair neamheindéimeacha freisin. Léirítear leis seo nach féidir an riosca a bhaineann le daoine ag taisteal go ceantair eindéimeacha (is cuma más ó cheantair eindéimeacha nó neamheindéimeacha a thagann siad) agus ag tolgadh an ghalair trí uibheacha péiste ribíní a ionghabháil trí thimpiste de bharr bheith i dteagmháil le peataí ionfhabhtaithe nó le torthaí nó glasraí fiáine nó saothraithe truaillithe a fhágáil as an áireamh.

1.2.2.3. Sceartáin

De réir EFSA, tá an speiceas sceartán a bhíonn ar pheataí forleathan ar fud na hEorpa agus an Ríocht Aontaithe, Éire agus Málta, is dócha, san áireamh. Tá na córais faireacháin le haghaidh speicis sceartán agus galar sceartáin-aistrithe teoranta agus neamhiomlán. Léirítear leis na sonraí reatha atá ar fáil go bhfuil easpa i mbailiúchán córasach eiseamal, easpa cúlra eipidéimeolaíoch agus easpa beart éifeachtúil rialaithe. Tá roinnt den fhaisnéis atá ar fáil as dáta nó starógach.

## 2. CUSPÓIRÍ

Ba cheart breathnú ar na cuspóirí foriomlána i bhfianaise saorghluaiseachta daoine (Conradh CE) agus na Straitéise nua um Shláinte Ainmhithe.

Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha:

- Ceanglais a chomhchuibhiú chun fáil réidh le bacainní díréireacha ar ghluaiseacht peataí chun críocha neamhthráchtála ar fud an AE nó ag teacht isteach san AE ó thríú tíortha, fad is a dhéantar cosaint chuí ar shláinte phoiblí agus ar shláinte ainmhithe, go háirithe ó thaobh confaidh de.
- Rialacha AE a sholáthar atá comhréireach, nach gcúisíonn deacrachtaí agus a bhfuil sochair shoiléire ag baint leo i dtaobh soiléireachta agus simplithe le haghaidh úinéirí peataí atá ag taisteal.

Is é an cuspóir oibríochta an córas a bheidh le cur i bhfeidhm ón 1 Iúil 2010 ar aghaidh a chinneadh.

## 3. PRÍOMHROGHANNA BEARTAIS

Tá ceithre phríomhrogha beartais sainaitheanta ag an gCoimisiún chun na cuspóirí a bhaint amach:

Rogha 1: **Gan dul i mbun gnímh**

Is éard a bheadh i gceist leis seo nach mbeadh teacht isteach peataí i gcríoch na Fionlainne, Éireann, na Sualainne ná na Ríochta Aontaithe faoi réir ceanglas breise maidir leis an bpéist ribíneach, eicíneacocas agus sceartáin tar éis an 30 Meitheamh 2010. Bheadh deireadh freisin leis na socruithe déthaobhacha ar leith atá ann faoi láthair idir na Ballstáit sin.

Rogha 2: **An córas idirthréimhseach a fhadú**

Is éard a bheadh i gceist leis seo fadú breise sealadach a thabhairt don chóras idirthréimhseach go dtí deireadh 2011. Ag an am sin beidh an Coimisiún ag súil deireadh a chur le tacaíocht ón AE do chláir náisiúnta atá dírithe ar chonfadh i measc ainmhithe fiáine sna Stáit Bhaltacha a dhíothú. Dá dtiocfadh feabhas suntasach ar chúrsaí sna Ballstáit sin, bheadh aghaidh tugtha ar na rioscaí a shainaithin EFSA agus ní bheadh feidhm a thuilleadh lena moltaí maidir le bearta maolaitheacha.

Rogha 3: **Na rialacha reatha is infheidhme maidir leis na Ballstáit ar fad a choigeartú**

Is éard a bheadh i gceist leis seo deireadh a chur leis na dálaí sonracha arna gcur i bhfeidhm ag na cúig Bhallstát, lena n-áirítear na socruithe déthaobhacha, agus córas a raibh athbhreithniú teicneolaíochta déanta air ag teacht le moladh EFSA go mba cheart go mbeadh an córas ag brath ar stádas sláinte an Bhallstáit tionscnaimh, a bheartú.

Rogha 4: **Leanúint leis an gcóras idirthréimhseach ar bhonn buan**

Fadú éiginnte an chórais idirthréimhsigh a bheadh i gceist leis seo agus chuirfí ar chumas na gcúig Bhallstát dá bhrí sin, ráthaíochtaí breise a iarraidh go córasach. Ní chiallaíonn sé sin nach féidir le Ballstáit eile a chomhlíonann critéir na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe maidir le tír atá saor ó chonfadh, nó Ballstáit a éilíonn stádas speisialta maidir le galar a iompraíonn sceartáin nó maidir le heicíneacocóis, dálaí breise a iarraidh freisin.

## 4. ANAILÍS IARMHARTA

### 4.1. Réamhbharúlacha

Faoin Rialachán, baineann costais éagsúla le peataí madra nó cat a ullmhú le haghaidh taistil ag brath ar an dtír tionscnaimh agus ar an mBallstát ceann scríbe (féach Tábla 2 – costas taistil an chéad uair a chiallaíonn nach mór sainaitheantas, vacsaíniú agus, nuair is gá, toirtmheascadh antasubstainte a dhéanamh roimh thaisteal).

Ní chuirtear san áireamh i dTábla 2 na socruithe ar leith atá ann idir Ballstáit faoin gcóras idirthréimhseach a bhféadfadh laghdú suntasach ar chostais ullmhaithe a bheith mar thoradh orthu.

Léirítear i dTábla 2 go bhfuil sé níos costasaí do shaoránaigh de chuid an AE taisteal lena bpeataí go Ballstáit atá faoin gcóras idirthréimhseach, ach amháin an Fhionlainn, ná mar atá sé filleadh ó thríú tír neamhliostaithe atá faoin gcóras ginearálta.

### 4.2. Rogha 1

#### *4.2.1. Iarmhairtí eacnamaíocha*

Is cinnte go rachadh an rogha seo chun sochar saoránach ach fáil réidh leis na costais a bhaineann leis na ceanglais bhreise arna n-iarraidh ag na Ballstáit atá faoin gcóras idirthréimhseach. Ar an lámh eile, bheadh tionchar aici ar shaoránaigh atá ag teacht ó na Ballstáit atá faoi láthair faoin gcóras idirthréimhseach, nó ag bogadh eatarthu, toisc go dtiocfadh deireadh leis na socruithe déthaobhacha.

Is cinnte go rachadh sé chun sochar tréidlianna údaraithe i dtaobh méadú ar líon na bpeataí a mbeifí ag súil leo a bheith ag taisteal.

Ba cheart nach mbeadh mórán iarmharta ag an rogha seo ar shaotharlanna arna bhformheas ag an AE ós rud é nach gcuirfí isteach ar ioncam saotharlann a ghintear trí pheataí atá ag teacht isteach nó ag teacht isteach athuair san AE ó thíortha neamhliostaithe a thástáil. Bheadh níos mó tábhachta ag na hiarmhairtí seo ar shaotharlanna a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí dírithe ar na hoibleagáidí seo a chomhlíonadh.

Níor cheart go mbeadh mórán iarmharta ná iarmhairt ar bith orthu siúd a sholáthraíonn leigheasra le haghaidh cóireála i gcoinne sceartán nó eicíneacocais ós rud é go moltar cóireáil dá leithéid ar chúiseanna sláinte ainmhithe agus poiblí freisin.

Ní dócha go mbeadh iarmhairt dhiúltach ag an rogha seo ar chuideachtaí iompair ('iompróirí') ós rud é go mbeadh an córas seiceála simplithe. Féadtar glacadh leis go mbeadh deiseanna nua gnó ar fáil d'iompróirí leis an rogha seo chun a gcuid seirbhísí a thairiscint do thaistealaithe a bhfuil peataí acu.

Féadfaidh iarmhairt shuntasach a bheith ag an rogha seo ar ghnó na saoráidí coraintíne in Éirinn, i Málta, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe. Féadfaidh deireadh teacht le hoibríochtaí roinnt saoráidí a chuireann peataí a thagann ó thríú thíortha neamhliostaithe ar coraintín fadtéarmach. Féadfar leanúint le tréimhsí coraintíne gearrthéarmacha ar chúiseanna nach mbaineann le cóireáil earráideach frithsceartán/eicíneacocais.

*4.2.2. Iarmhairtí sóisialta*

Féadfaidh saotharlanna arna bhformheas ag an AE fulaingt má roghnaítear an rogha seo. Tá sé i gceist ag formhór na saotharlann foireann a ath-imscaradh go gníomhaíochtaí saotharlainne eile, áfach.

Féadfaidh iarmhairt dhearfach a bheith ag an rogha seo, a shimplíonn na rialacha, ar thurasóireacht agus ar fhostaíocht go ginearálta dá bhrí sin.

Ní scarfar peataí a thuilleadh óna n-úinéirí toisc go mbeidh deireadh leis an gcóras fadtéarmach coraintíne.

Maidir le hiarmhairtí ar shláinte phoiblí, féadtar an riosca a bhaineann le confadh a thabhairt isteach le peataí atá ag taisteal ó na Stáit Bhaltacha faoin gcóras ginearálta a mheas go réasúnta cinnte gan bheith níos airde ná an riosca a bhaineann le gluaiseachtaí idir na Ballstáit eile nó ó thríú tíortha liostaithe, amhail Stáit Aontaithe Mheiriceá nó Cónaidhm na Rúise, in ainneoin staid níos tromchúisí confaidh i measc ainmhithe fiáine sna háiteanna sin.

Ní hiad peataí amháin is cúis le hionfhabhtú daoine ó eicíneacocóis ailbheolach. Níl aon chúis, dá bhrí sin, bearta maolaithe riosca a dhíriú ar pheataí atá ag taisteal lena n-úinéirí amháin. Ní gá go ndéanfar taifead ar iarmhairtí cúiseacha ar shláinte phoiblí, agus go háirithe ar dháileadh geografach an speicis sceartán agus galar sceartáiniompartha a leathnú.

*4.2.3. Iarmhairtí ar an gcomhshaol*

Níl aon dabht ach go mbeadh méadú ar líon gluaiseachtaí peataí mar thoradh ar an simpliú seo. Tá sé deacair iarmhairtí na rogha seo ar an gcomhshaol a chainníochtú, áfach.

**4.3. Rogha 2**

*4.3.1. Iarmhairtí eacnamaíocha*

Go dtí deireadh 2011, leanfaidh saoránaigh ag íoc costais bhreise agus ag cabhrú, is dócha, le hioncam tréidlianna agus saotharlann arna bhformheas ag an AE a bhuanú.

Cabhróidh sé seo freisin ioncam iompróirí agus saoráidí coraintíne a bhuanú go sealadach de bharr staid na monaplachta arna gineadh ag an gcóras reatha.

*4.3.2.* *Iarmhairtí sóisialta*

Go dtí deireadh 2001, ní bheifear ag súil le hiarmhairt ar bith ar fhostaíocht agus mairfidh an cur isteach ar thurasanna.

Maidir le hiarmhairtí ar shláinte phoiblí, léirítear leis na figiúirí is déanaí a foilsíodh in *Rabies Bulletin Europe* gur dócha go ndíothófar confadh sna Stáit Bhaltacha faoi dheireadh na tréimhse fadaithe seo. Bheadh an rogha seo ina cúnamh chun gluaiseachtaí peataí san AE a dhéanamh níos sábháilte agus chun an riosca féideartha maidir le sláinte phoiblí a laghdú dá bharr. Toisc nach bhfuil aon fhianaise ann gur ó pheataí a thaistil ó na Stáit Bhaltacha a tholg daoine an confadh i gcás ar bith, áfach, ní bheifear ag súil le hathrú rómhór.

*4.3.3.* *Iarmhairtí ar an gcomhshaol*

Níltear ag súil le hathrú rómhór ar an staid reatha.

**4.4.** **Rogha 3**

*4.4.1.* *Iarmhairtí eacnamaíocha*

Bheadh costais bhreise le haghaidh úinéirí peataí a bhfuil vaicsín príomha faighte acu agus a thagann ó na Stáit Bhaltacha mar thoradh ar an rogha seo, mar atá molta ag EFSA.

Níor cheart go mbeadh méadú suntasach ar ioncam tréidlianna ós rud é go bhfuil líon na ndaoine lena mbaineann teoranta go maith.

Bheadh iarmhairt cosúil le hiarmhairt Rogha 1 ag an rogha seo ar sholáthróirí frithsheadán, ar iompróirí agus ar shaoráidí coraintíne.

*4.4.2.* *Iarmhairtí sóisialta*

Ós rud é go bhfuil líon na bpeataí atá clúdaithe ag rialacha sonracha breise teoranta go maith, bheadh na hiarmhairtí ar úinéirí peataí agus ar an turasóireacht teoranta freisin.

Tá sé léirithe sna torthaí praiticiúla gur bheag iarmhairt dhiúltach a bheadh ar shláinte phoiblí.

*4.4.3.* *Iarmhairtí ar an gcomhshaol*

Ní féidir aon mhóriarmhairt ar an gcomhshaol a thuar ós rud é nach féidir iarmhairt na rogha seo ar líon na ngluaiseachtaí peataí a chainníochtú.

**4.5.** **Rogha 4**

*4.5.1.* *Iarmhairtí eacnamaíocha*

Go fadtéarmach, beidh costais bhreise ann fós do shaoránaigh atá ag imeacht go Ballstáit atá faoi láthair faoin gcóras idirthréimhseach nó ag filleadh ó na Ballstáit seo. Ar an lámh eile, rachadh na socruithe déthaobhacha chun sochar fós do

shaoránaigh atá ag teacht ó na Ballstáit atá faoi láthair faoin gcóras idirthréimhseach, nó ag bogadh idir na Ballstáit seo.

Is dócha go gcabhróidh an rogha seo chun ioncam na saotharlann arna bhformheas ag an AE agus staid na monaplachta arna gineadh ag an gcóras reatha a bhuanú mar aon le hioncam na n-iompróirí agus na saoráidí coraintíne freisin.

*4.5.2. Iarmhairtí sóisialta*

Leanfaí le hobair na saotharlann séireolaíochta arna bhformheas ag an AE agus le hobair 'iompróirí', saoráidí coraintíne, tréidlianna údaraithe agus soláthróirí um chóireáil frithsheadán, agus ní bheadh baol dífhostaíochta ann.

Chuirfí peataí atá ag teacht isteach san AE ó thríú tíortha neamhliostaithe nó peataí nach gcomhlíonann na rialacha náisiúnta (tréimhsí gearrthéarmacha coraintíne) ar coraintín fós. Sna cásanna sin, ba cheart iarmhairtí sóisialta (agus/nó iarmhairtí leasa) a bhaineann le peata a scaradh óna n-úinéirí ar feadh sé mhí ar a laghad a mheas.

Féadtar glacadh leis go réasúnta nach mbeidh aon bhuntáiste suntasach soiléir ann i dtéarmaí na sláinte poiblí (mar a mhínítear i roinn 1.2.2.1).

*4.5.3. Iarmhairtí ar an gcomhshaol*

Cé go bhfuil méadú tagtha ar líon na bpeataí atá ag taisteal agus cé go bhféadfadh iarmhairt a bheith aige seo ar an gcomhshaol, tá sé deacair nasc a dhéanamh idir na córais srianta reatha agus líon na bpeataí (agus úinéirí na bpeataí) a bheadh ag taisteal.

## 4.6. Conclúidí

Dealraíonn sé nach soláthraíonn **Rogha 3 agus 4** breisluach chun na fadhbanna is tromchúisí a luann riaracháin agus saoránaigh a réiteach, fadhbanna a bhaineann le córas casta, trioblóideach, neamhréireach maidir le ceanglais iomarcacha um shláinte ainmhithe nach bhfuil údar leo, go háirithe i dtaobh confaidh.

Ní hamháin go gcuirfeadh Rogha 3 le mearbhall i measc taistealaithe a bheadh ag déileáil le córais nua ag brath ar an tír tionscnaimh, ach dhéanfadh sé neamhaird iomlán de ghnéithe eile riosca a mheastar agus tríú tíortha á liostú. Thabharfadh sé drochainm gan údar do na Stáit Bhaltacha agus dhéanfaí leatrom ina gcoinne i bhfábhar tríú tíortha áirithe a bheadh liostaithe. In aghaidh phrionsabail bhunúsacha Chonradh an AE a bheadh an méid sin. Dhéanfadh sé neamhaird freisin d'iarrataí Ballstáit ar shimpliú bunaithe ar fhianaise allamuigh.

I gcás Rogha 4, bheadh ualach trom i gcónaí ar shaoránaigh ag taisteal chuig na cúig Bhallstáit nó chuig Ballstáit eile saor ó ghalair nó ag teacht isteach athuair sna Ballstáit seo.

Níl na roghanna seo ag teacht in aon chor le mian fhormhór na mBallstát comhchuibhiú a bhaint amach agus gluaiseachtaí peataí a shimpliú laistigh den AE agus ag teacht isteach ann, ag féachaint do chosúlacht na staide sláinte ainmhithe san AE.

I bprionsabal, tá cosúlachtaí idir **Rogha 1 agus 2**. Bheadh sé i gceist leis an dá cheann na neamhréireachtaí, leatrom agus ualach gan údar atá ar shaoránaigh, lena n-áirítear saoránaigh ó na cúig Bhallstát a gcuireann na ceanglais bhreise isteach orthu agus iad ag filleadh ó bheith thar lear, a bhaint am éigin.

Ag an am céanna, choinneodh an dá rogha leibhéal ard sábháilteachta le haghaidh peataí ag taisteal laistigh den AE agus ag teacht isteach ann, tríd an gcóras ginearálta a chur i bhfeidhm. Bhí éifeacht ag an gcóras seo ar chonfadh i measc daoine agus peataí arna tholgadh de bharr gluaiseachtaí dlíthiúla ainmhithe idir Ballstáit nó isteach i mBallstáit a chosc roimhe seo.

Tá buntáiste beag ag Rogha 2 ar Rogha 1. I dtéarmaí an riosca don tsláinte phoiblí a laghdú, chuirfeadh fadú réasúnta na mbeart idirthréimhseach chur i bhfeidhm an chórais ghinearálta ar fud an AE ar athló go dtí pointe ama áirithe. Is ag an bpointe seo a chuirfidh bearta dá dtugann an AE tacaíocht maidir leis an gconfadh atá fós ann i measc ainmhithe fiáine a dhíothú sna AE (agus i gcríocha taobh leis), moltaí EFSA ar mhaolú riosca as feidhm.

## 5. MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT

Chun a áirithiú go mbaineann an córas nua na cuspóirí arna leagan amach i Roinn 2 amach, déanfaidh an Coimisiún monatóireacht rialta ar tháscairí áirithe chun a fheidhmíocht a mheasúnú.

Baileofar sonraí ar tháscairí trí fhoinsí éagsúla faisnéise atá ann cheana. Féadtar sonraí breise a ghineadh, go háirithe suirbhéanna agus/nó agallaimh chun an leibhéal sástachta i measc an phobail/úinéirí peataí a mheas. Baileofar sonraí ó údaráis na mBallstát (sonraí maidir le gluaiseachtaí peataí agus maidir le sláinte phoiblí) go rialta ar leibhéal an AE mar chuid de na próisis neartaithe comhair atá ag an mBuanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe leis na Ballstáit.

Meastar meastóireachtaí seachtracha a bheith díréireach ag an bpointe seo. Cuirfidh na meicníochtaí monatóireachta eolas leordhóthanach ar fáil chun an cás a mheasúnú maidir leis an Rialachán a athbhreithniú ag céim níos faide ar aghaidh (i gceann 5-10 mbliana) ach amháin má thagann athrú ar an scéal idir an dá linn.

| **Tábla 1: Léargas ar na rialacha arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit faoin gcóras idirthréimhseach** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Córas dlíthiúil** | **Bearta** | **IE** | **MT** | **SE** | **UK** | **FI** |
| Córas ginearálta | Sainaitheantas le pas agus micrishlis nó tatú go dtí 2011 (Airteagal 4) | x | x | x | x | x |
| Córas ginearálta | Vacsaíniú bailí i gcoinne confaidh (Airteagal 5) | x | x | x | x | x |
| Córas ginearálta | Córas allmhairithe simplithe le haghaidh peataí (Airteagal 8(3)(b)) | | | An Iorua | | |
| Córas idirthréimhseach – Forálacha an Chomhphobail – Airteagal 6(1) | Micrishlis éigeantach | x | x | | x | n/a |
| Córas idirthréimhseach – Forálacha an Chomhphobail – Airteagal 6(1) | Toirtmheascadh sainordaitheach antasubstainte roimh theacht isteach ina gcríoch d'fhonn leibhéal cosantach antasubstaintí i gcoinne confaidh a dheimhniú | x | x | x | x | n/a |
| Córas idirthréimhseach – Forálacha an Chomhphobail – Airteagal 6(1) | Díolúintí ón vaicsíniú i gcoinne confaidh agus ó na ceanglais maidir le toirtmheascadh antasubstainte le haghaidh peataí madraí agus cat ag gluaiseacht idir na Ballstáit seo | x | x | x | x | n/a |
| Córas idirthréimhseach – Forálacha an Chomhphobail – Airteagal 8(1) | Ní mór do pheataí atá ag teacht isteach ó thríú tíortha liostaithe na rialacha céanna le peataí ó Bhallstáit eile de chuid an AE a chomhlíonadh | x | x | x | x | n/a |
| Córas idirthréimhseach – Forálacha an Chomhphobail – Airteagal 8(1) | Cuirfear peataí a thagann isteach ó thríú tíortha neamhliostaithe ar coraintín | x | x | x | x | n/a |
| Córas idirthréimhseach – Forálacha an Chomhphobail – Airteagal 16 | Cóireáil shainordaitheach frithsheadán i gcoinne eicíneacocais/sceartán | x | x | x | x | x |
| Córas idirthréimhseach – Forálacha an Chomhphobail – Airteagal 21 | Díolúintí ón bpas, ón vaicsíniú i gcoinne confadh agus ó na ceanglais maidir le toirtmheascadh antasubstainte le haghaidh madraí agus cait atá ag taisteal tríd an tSualainn | | | An Danmhairg[3] | | |
| Córas idirthréimhseach – Rialacha náisiúnta – Airteagal 16 | Díolúintí ó chóireáil frithsheadán i gcoinne eicíneacocais/sceartán | x | x | x | x | x |
| Córas idirthréimhseach – Rialacha náisiúnta – Gan bunús dlí sa Rialachán | Cuideachtaí formheasta iompair | x | x | | x | |

[3] Cinneadh 2004/557/CE ón gCoimisiún (IO L 249, 23.7.2004, lch 18).

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Córas Saorghluaiseachta | Rialacha náisiúnta | Gan bunús dlí sa Rialachán | Díolúintí ó na ceanglais maidir le sainaitheantas agus le pas le haghaidh peataí madraí agus cat ag gluaiseacht idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe | x | | | x | |

| **Tábla 2:** COSTAIS MHEASTA<br>**le haghaidh madra ar méid meánach** ag taisteal laistigh den AE nó ag teacht isteach san AE athuair tar éis turais thar lear (*foinse: údaráis inniúla na mBallstát*) | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Sainaitheantas (micrishlis + pas) | Vaicsíniú arna nótáil sa phas | Sampláil + deimhniúchán | tástáil | Cóireáil frithsceartán | Cóireáil frith-eicíneacocais | 'Iompróirí' | Coraintín | **Iomlán** |
| **Córas ginearálta** | | | | | | | | | |
| Peata ag taisteal laistigh den AE | €42.93[4]<br>(€15 go 95.5) | €22.50[4]<br>(€2 go 63) | - | - | - | - | - | - | €65.43 |
| Peata ag teacht isteach athuair san AE ó thríú tíortha liostaithe | €42.93[4]<br>(€15 go 95.5) | €22.50[4]<br>(€2 go 63) | - | - | - | - | - | - | €65.43 |
| Peata ag teacht isteach athuair san AE ó thríú tíortha neamhliostaithe | €42.93[4]<br>(€15 go 95.5) | €22.50[4]<br>(€2 go 63) | €29.20[4]<br>(€5 go 53) | €50<br>(€30 go 88) | - | - | - | - | €144.63 |
| **Córas idirthréimhseach** | | | | | | | | | |
| Peata ag teacht isteach/ag teacht isteach athuair sa UK, IE, MT ón gcuid eile den AE | €50.50<br>(€15 go 107) | €26.70<br>(€2 go 63) | €34<br>(€5 go 69) | €50<br>(€30 go 88) | €18.80<br>(€5 go 56) | €16.80<br>(€1 go 39.30) | UK: N/A<br>IE: bád farantóireachta =€20, eitleán=€910,<br>MT: €72 | - | € 196.80<br>(+ costais iompair) |
| Peata ag teacht isteach/ag teacht isteach athuair sa SE ón gcuid eile den AE | €50.50<br>(€15 go 107) | €26.70<br>(€2 go 63) | €34<br>(€5 go 69) | €50<br>(€30 go 88) | - | €16.80<br>(€1 go 39.30) | - | - | €178 |
| Peata ag teacht isteach/ag teacht | €50.50 | €26.70 | - | - | - | €16.80 | - | - | €94 |

4 Ní áirítear figiúirí ón UK, IE, MT, SE agus FI.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| isteach athuair sa FI ón gcuid eile den AE | (€15 go 107) | (€2 go 63) | | | | (€1 go 39.30) | | | |
| Peata ag teacht isteach san AE, IE, MT, SE ó thríú tíortha neamhliostaithe | - | - | - | - | - | - | - | UK: €3480<br>IE: €2500<br>MT: €1000<br>SE: €3350 | €3480<br>€2500<br>€1000<br>€3350 |